


# An Coinín



Bhí an coinín i dteach beag sa ghairdín. Thug Nóra leitís agus cairéad dó. Níor dhún sí an doras. Rinne sí dearmad é a dhúnadh. D'ith an coinín an leitís agus an cairéad. Ansin rith sé amach timpeall an ghairdín. Léim sé suas san aer. Bhí an-spórt aige. Go tobann stad sé. Chonaic sé Spota ag an ngeata. Lig an coinín scread as agus rith sé isteach sa teach.

### Foclóir:

leitís, lettuce cairéad, carrot

go tobann, suddenly scread, scream

rinne sí dearmad, she forgot

## A. Líon isteach na bearnaí:

cai—éad, dear—ad, tim—eall, go to—ann, cho—aic, coi—ín.

# B. Scríobh amach an freagra ceart:

- 1. Cá raibh an coinín?
  - sa leaba.
  - sa pháirc.
  - i dteach beag.
- 2. Cad a thug Nóra don choinín?
  - prátaí.
  - leitís agus cairéad.
  - bainne.

- 3. Cé a bhí ag an ngeata?
  - Nóra.
  - Daidí.
  - Spota.

#### C. Líon isteach na bearnaí:

- 1. Níor dhún sí an d—.
- 2. D'ith an an leitís agus an cairéad.
- 3. Ansin rith sé amach an ghairdín.
- 4. Lig an coinín as.

### D. Freagair na ceisteanna:

- 1. Cad a d'ith an coinín?
- 2. Cár rith an coinín?
- 3. Cén fáth ar stad an coinín?
- 4. Cén fáth nár dhún Nóra an doras?

#### Gramadach 8

(i) Foghlaim: asam

asat as aisti

#### Líon isteach na bearnaí:

Sampla: Bhí eagla ar Liam agus lig sé scread as.

- 1. Bhí eagla orm agus lig mé scread —.
- 2. Bhí eagla air agus lig sé scread —.
- 3. Bhí eagla ar Mháire agus lig sí scread —.
- 4. Bhí eagla ort agus lig tú scread —.
- (ii) Foghlaim: Rinne mé Rinneamar Rinne tú Rinne sibh

Rinne tú Rinne sibh Rinne sé Rinne siad

Rinne sí

## Líon isteach na bearnaí:

Sampla: Tháinig Seán isteach agus rinne sé dearmad an doras a dhúnadh.

- 1. Tháinig mé isteach agus — dearmad an doras a dhúnadh.
- 2. Tháinig tusa agus Úna isteach agus — dearmad an doras a dhúnadh.
- 3. Tháinig Tomás agus mé féin isteach agus dearmad an doras a dhúnadh.